
# Tuarascáil Riosca Oifige – Ráithe 4 2019

Tá próiseas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an Oifig, agus coiste bainistíochta riosca (RMC) aici ina bhfuil an triúr stiúrthóirí a dhéanann maoirseacht ar an bpróiseas. Tagann RMC le chéile gach ráithe agus déanann sé measúnú ar an dul chun cinn maidir le bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí a thaifeadtar ar chlár rioscaí na hOifige agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Mar chuid den phróiseas bainistíochta riosca laistigh den Oifig, foilsíonn RMC an clár rioscaí corparáideacha gach ráithe ina leagtar amach na 10 riosca is mó a léirítear ar 'theasléaráid déine' riosca. Is iad sin na rioscaí 'iarmharacha', agus rialuithe maolaitheacha curtha san áireamh. Tá míniú achomair ar gach riosca sa tábla atá i gceangal leis seo. Tá measúnú foriomlán RMC ar an dul chun cinn i mbainistiú na rioscaí a rátáiltear mar 'ard' tugtha sa roinn 'conclúidí'.

## Teasléaráid Déine Riosca




| Rangú | Riosca |
|---|---|
| 1 | Próisis neamhleora chun acmhainneacht foirne a uasmhéadú |
| 2 | Acmhainní nach bhfuil ailínithe le cuspóirí straitéiseacha |
| 3 | Neamhchomhlíonadh ceanglas rialála (corparáideach) |
| 4 | Eisiúint neamhdhleathach sonraí |
| 5 | Aga neamhfhónaimh mar gheall ar chibirionsaí seachtrach |
| 6 | Nochtaí nár tugadh freagra cuí orthu |
| 7 | Córais TFC neamhéifeachtacha as a dtiocfaidh neamhábaltacht ár ngnó a bhainistiú go héifeachtach |
| 8 | Caolú cultúir mar gheall ar iomlaoid níos airde |
| 9 | D'fhéadfadh páirtithe leasmhara féachaint ar spriocanna mar spriocanna nach gcomhlíonann a riachtanais |
| 10 | D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag acmhainneacht cliant ar a gcumas iniúchtaí a éascú |

## Conclúidí ó RMC

Rinne RMC athbhreithniú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le rioscaí a bhainistiú mar a leagtar amach sna gníomhaíochtaí láimhseála riosca. Bhreithnigh sé freisin rioscaí atá ag teacht chun cinn. Thug sé dá aire nár tuairiscíodh aon rioscaí ar chóras tuairiscithe riosca na hOifige.

Is é conclúid fhoriomlán RMC i mí na Samhna 2019 gur riosca 'ard' é an riosca a bhaineann le próisis neamhleora a bheith ann chun acmhainneacht foirne a uasmhéadú go fóill d'ainneoin an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo.